NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Nasc-Dhoiciméid sa Mhatamaitic

## Ranganna 5-6, Bunscoileanna – An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna

| | Bunscolaíocht | | Iar-bhunscolaíocht | Cárta # |
|---|---|---|---|---|
| **Snáithe(anna):** | **Uimhreas, Tomhais** | ⇨ | **Uimhreas (Snáithe 3)** | **2-5** |
| **Snáithe:** | **Cruth agus Spás** | ⇨ | **Céimseata agus Triantánacht (Snáithe 2)** | **6** |
| **Snáithe:** | **Sonraí** | ⇨ | **Staitisticí agus Dóchúlacht (Snáithe 1)** | **7-8** |
| **Snáithe(anna):** | **Ailgéabar** | ⇨ | **Ailgéabar, Feidhmeanna (Snáitheanna 4, 5)** | **9** |

Ceapadh na nasc-dhoiciméid seo chun forbhreathnú a thabhairt ar na cuspóirí ábhair i ngach snáithe agus snáithaonad sa Mhatamaitic i ranganna cúig agus sé sa bhunscoil, agus chun léiriú conas a leantar leis na snáitheanna agus na snáithaonaid sa tSraith Shóisearach san iar-bhunscoil. Níl sé i gceist go n-úsáidfí iad in ionad *Curaclam na Bunscoile* (1999) nó siollabas Matamaitice na Sraithe Sóisearaí. Ba chóir do mhúinteoirí fós dul i gcomhairle an churaclaim agus iad i mbun pleanála.

<table>
<tr><th rowspan="4">Ionadluach</th><th>Rang a cúig, Bunscoileanna</th><th>Rang a sé, Bunscoileanna</th><th>An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna</th></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Slánuimhreacha agus deachúlacha a léamh, a scríobh, agus a ordú</td><td></td></tr>
<tr><td>▪ Slánuimhreacha agus deachúlacha a shlánú</td><td>▪ deachúlacha a shlánú</td><td>▪ Garmheastacháin agus meastacháin ar áirimh a fhírinniú*</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Ionadluach i slánuimhreacha agus i ndeachúlacha a aithint</td><td></td></tr>
<tr><th rowspan="10">Oibríochtaí</th><th>Rang a cúig, Bunscoileanna</th><th>Rang a sé, Bunscoileanna</th><th>An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna</th></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Suimeanna, difríochtaí, torthaí agus líonta slánuimhreacha a mheas</td><td rowspan="3">▪ Samhlacha a imscrúdú, mar shampla miondealú, comhaireamh foléime, nithe a shocrú ina n-eagair agus grúpa ar cóimhéid a charnadh chun ciall a bhaint as na hoibríochtaí seo a leanas – suimiú, dealú, iolrú, agus roinnt in N nuair atá an freagra in N*</td></tr>
<tr><td>le slánuimhreacha</td><td>le deachúlacha</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Slánuimhreacha agus deachúlacha (go dtí trí ionad de dheachúlacha) a shuimiú agus a dhealú, gan áireamhán agus le háireamhán</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Iolraigh</td><td rowspan="6">▪ Breathnuithe oibríochtaí uimhríochtúla a ghinearálú*</td></tr>
<tr><td>deachúil (go dtí trí ionad) faoi shlánuimhir, gan áireamhán agus le háireamhán</td><td>deachúil faoi dheachúil, gan áireamhán agus le háireamhán</td></tr>
<tr><td>▪ Uimhir trí dhigit a roinnt</td><td>▪ Uimhir cheithre dhigit a roinnt</td></tr>
<tr><td colspan="2">ar uimhir dhá dhigit, gan áireamhán agus le háireamhán</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Uimhir dheachúlach a roinnt</td></tr>
<tr><td>ar shlánuimhir, gan áireamhán agus le háireamhán</td><td>ar dheachúil, gan áireamhán agus le háireamhán</td></tr>
<tr><th rowspan="11">Codáin</th><th>Rang a cúig, Bunscoileanna</th><th>Rang a sé, Bunscoileanna</th><th>An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna</th></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Codáin a chur i gcomparáid agus in ord</td><td rowspan="7">▪ Samhlacha a imscrúdú chun na hoibríochtaí seo a leanas – suimiú, dealú, iolrú agus roinnt – a léiriú in Z*</td></tr>
<tr><td>agus foirmeacha coibhéiseacha de chodáin le hainmneoirí 2–12 a aithint</td><td>foirmeacha coibhéiseacha de chodáin a aithint</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Leaschodáin a chur in iúl mar uimhreacha measctha agus a mhalairt de dhóigh agus iad a shuíomh ar an uimhirlíne</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Codáin shimplí agus uimhreacha measctha simplí a shuimiú agus a dhealú</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Codán a iolrú</td></tr>
<tr><td>faoi shlánuimhir</td><td>faoi chodán</td></tr>
<tr><td colspan="2"></td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Deichithe, céaduithe agus mílithe a chur in iúl i bhfoirm chodánach agus i bhfoirm dheachúlach</td><td rowspan="3">▪ Úsáid a bhaint as coibhéis codán, deachúlacha agus céatadán chun comhréireanna a chur i gcomparáid lena chéile*<br>▪ A dtuiscint ar an ngaol idir cóimheas agus comhréir a chomhdhlúthú*</td></tr>
<tr><td rowspan="2"></td><td>▪ Slánuimhir a roinnt ar chodán a mbeadh 1 mar uimhreoir aige</td></tr>
<tr><td>▪ cóimheasa simplí a thuiscint agus a chlárú</td></tr>
</table>



*Tá na torthaí foghlama i gcló iodálach ar an gCúrsa Coiteanna le haghaidh na Chéad Bliana

| | Rang a cúig, Bunscoileanna | Rang a sé, Bunscoileanna | An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna |
|---|---|---|---|
| **Deachúlacha agus céatadáin** | ▪ Tuiscint ar chéatadáin shimplí a fhorbairt agus a ngaol le codáin agus le deachúlacha a leagan síos | ▪ Céatadáin a úsáid | ▪ *Céatadáin a ríomh**<br>▪ *Úsáid a bhaint as coibhéis codán, deachúlacha agus céatadán chun comhréireanna a chur i gcomparáid lena chéile** |
| | Cuir i gcomparáid agus in ord<br>codáin agus deachúlacha | céatadáin d’uimhreacha | |
| | ▪ Réitigh fadhbanna<br>bunaithe ar oibríochtaí le slánuimhreacha, codáin, deachúlacha agus céatadáin shimplí | bunaithe ar shochar, dochar, lacáiste, cáin bhreisluacha (CBL), ús, méaduithe agus laghduithe | ▪ Fadhbanna a réiteach a bhaineann leis na nithe seo a leanas a fháil: brabús nó caillteanas, % brabúis nó caillteanais (ar an mbunphraghas), lascaine, % lascaine, praghas díola, ús iolraithe le haghaidh líon nach mó ná 3 bliana, cáin ioncaim (ráta caighdeánach amháin), pá glan (lena n-áirítear asbhaintí eile de mhéideanna sonracha) |

| | Rang a cúig, Bunscoileanna | Rang a sé, Bunscoileanna | An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna |
|---|---|---|---|
| **Teoiric uimhris** | ▪ Uimhreacha príomha agus uimhreacha ilchodacha simplí a aithint | | ▪ *A dtusicint agus a bhfoghlaim ar uimhreacha príomha in N a chomhdhlúthú** |
| | ▪ Uimhreacha cearnacha agus uimhreacha dronuilleogacha simplí a aithint | ▪ Uimhreacha cearnacha a aithint agus a iniúchadh | ▪ Úsáid a bhaint as an nodaireacht $a^n$, áit a bhfuil a, n ∈ N<br>▪ Úsáid a bhaint as an nodaireacht $a^{\frac{1}{2}}$, a ∈ N |
| | | ▪ Fréamhacha cearnacha simplí a íniúchadh agus a aithint | |
| | ▪ Fachtóirí agus iolruithe a aithint | ▪ Comhfhachtóirí agus coimhéadaithe a aithint | ▪ *A dtusicint agus a bhfoghlaim ar fhachtóirí agus ar iolraithe in N a chomhdhlúthú** |
| | | ▪ Slánuimhreacha a scríobh i bhfoirm easpónantúil | ▪ Na rialacha a bhaineann le séana a chur i bhfeidhm (áit a bhfuil a ∈ Z, p, q ∈N):<br>• $a^p a^q = a^{p+q}$<br>• $\frac{a^p}{a^q} = a^{p-q} \quad p > q$<br>• $(a^p)^q = a^{pq}$ |



*Tá na torthaí foghlama i gcló iodálach ar an gCúrsa Coiteanna le haghaidh na Chéad Bliana

<table>
<tr><td rowspan="6">**Fad**</td><th>Rang a cúig, Bunscoileanna</th><th>Rang a sé, Bunscoileanna</th><th>An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna</th></tr>
<tr><td>▪ Fad a mheas agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chuí a úsáid chuige</td><td></td><td rowspan="4"></td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid</td></tr>
<tr><td></td><td>▪ Aonaid fhaid a athainmniú</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Imlínte cruthanna rialta agus neamhrialta a mheas agus a thomhas</td></tr>
<tr><td></td><td>▪ Scálaí a úsáid ar léarscáileanna agus ar phleananna agus iad a léirmhíniú</td><td>▪ Léaráidí scálaithe a tharraingt agus a léirmhíniú</td></tr>
<tr><td rowspan="8">**Achar**</td><th>Rang a cúig, Bunscoileanna</th><th>Rang a sé, Bunscoileanna</th><th>An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna</th></tr>
<tr><td>▪ A fhionnachtan gur ionann achar dronuilleoige agus a fad iolraithe faoina leithead</td><td>▪ A fhionnachtan nach sainníonn fad imlíne dronuilleoige a hachar</td><td>▪ Eangacha solad dronuilleogach a imscrúdú</td></tr>
<tr><td>▪ Déan meastachán agus tomhais</td><td>▪ Áirigh</td><td>▪ Ríomh (*Gnáthleibhéal*)<br>▪ Déan áirimh chun fadhbanna a réiteach a bhaineann le (*Ardleibhéal*)</td></tr>
<tr><td colspan="2">achar cruthanna 2-T, idir chruthanna rialta is chruthanna neamhrialta</td><td>achar do dhromchla solad dronuilleogach</td></tr>
<tr><td></td><td>▪ Dromchla cruthanna 3-T a thomhas</td><td rowspan="4"></td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Achar a ríomh</td></tr>
<tr><td>i gceintiméadair chearnacha agus i méadair chearnacha</td><td>in áir agus i heicteáir</td></tr>
<tr><td>▪ Trí fhéachaint orthu, déan comparáid idir</td><td>▪ Déan an gaol a aithint idir</td></tr>
<tr><td></td><td colspan="2">méadair chearnacha agus ceintiméadair chearnacha</td></tr>
<tr><td></td><td></td><td>▪ Achar seomra a ríomh ó phlean de réir scála</td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="4">**Meáchan**</td><th>Rang a cúig, Bunscoileanna</th><th>Rang a sé, Bunscoileanna</th><th>An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna</th></tr>
<tr><td>▪ Meáchan a mheas agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chuí a úsáid chuige<br>▪</td><td></td><td>▪ Aonaid tomhais agus ama a ríomh, a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Uirlisí oiriúnacha tomhais a roghnú agus a úsáid</td><td rowspan="2"></td></tr>
<tr><td></td><td>▪ Tomhais mheáchain a athainmniú</td></tr>
</table>



*Tá na torthaí foghlama i gcló iodálach ar an gCúrsa Coiteanna le haghaidh na Chéad Bliana

| | Rang a cúig, Bunscoileanna | Rang a sé, Bunscoileanna | An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna | |
|---|---|---|---|---|
| **Toilleadh** | ▪ Toilleadh a mheas agus a thomhas agus aonaid mhéadracha chuí a úsáid chuige | | | |
| | ▪ Uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid | | | |
| | | ▪ Tomhais toillidh a athainmniú | ▪ Ríomh (*Gnáthleibhéal*) | ▪ Déan áirimh chun fadhbanna a réiteach a bhaineann le (*Ardleibhéal*) |
| | | ▪ Toilleadh ciúbóidigh a aimsiú trí thriail | toirt do sholaid dhronuilleogacha agus do shorcóirí | |
| | **Rang a cúig, Bunscoileanna** | **Rang a sé, Bunscoileanna** | **An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna** | |
| **Am** | ▪ Amchláir agus an clog 24 uair an chloig (digiteach agus analacháide) a léamh agus a léirmhíniú | ▪ Creasa ama idirnáisiúnta a iniúchadh | | |
| | ▪ Amanna i bhfoirm 12 uair an chloig agus 24 uair an chloig a léirmhíniú agus athrú eatarthu | ▪ An gaol idir am, fad agus meánluas a iniúchadh | ▪ Fadhbanna a bhaineann le meánluas, fad agus am a réiteach | |
| | **Rang a cúig, Bunscoileanna** | **Rang a sé, Bunscoileanna** | **An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna** | |
| **Airgead** | ▪ 'Luachanna ar airgead' a chur i gcomparáid trí mhodh an aoin a úsáid | ▪ 'Luach ar airgead' a iniúchadh | ▪ Áirimh agus breithiúnais a bhaineann le luach ar airgead a dhéanamh | |
| | | ▪ Airgeadraí iasachta a athrú go euro agus a mhalairt de dhóigh | ▪ *Úsáid a bhaint as coibhéis codán, deachúlacha agus céatadán chun comhréireanna a chur i gcomparáid lena chéile** ▪ *A dtuiscint ar an ngaol idir cóimheas agus comhréir a chomhdhlúthú** | |



*Tá na torthaí foghlama i gcló iodálach ar an gCúrsa Coiteanna le haghaidh na Chéad Bliana

| | Rang a cúig, Bunscoileanna | Rang a sé, Bunscoileanna | An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna |
|---|---|---|---|
| **Cruthanna** tríthoiseacha | ▪ Cruthanna 3-T a aithint agus a imscrúdú agus coibhneasa a iniúchadh an teitrihéadrán san áireamh (aghaidheanna, faobhair, agus reanna) | an t-ochtahéadrán san áireamh | ▪ Eangacha solad dronuilleogach a imscrúdú<br>▪ Toirt a fháil do sholaid dhronuilleogacha |
| | ▪ Líontáin de chruthanna simplí 3-T a tharraingt agus na cruthanna a thógáil | | |
| | **Rang a cúig, Bunscoileanna** | **Rang a sé, Bunscoileanna** | **An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna** |
| **Cruthanna** déthoiseacha | ▪ Déaduchtuithe neamhfhoirmiúla a dhéanamh faoi chruthanna 2-T agus a n-airíonna | | ▪ I gcomhthreomharán, a chruthú go mbíonn na sleasa urchomhaireacha ar comhfhad agus go mbíonn na huillinneacha urchomhaireacha ar cóimhéid; agus go ndéroinneann trasnáin comhthreomharáin a chéile. |
| | ▪ Airíonna a n-uillinneacha agus a línte a úsáid chun triantáin agus ceathairshleasáin a rangú agus chun cur síos a dhéanamh orthu | | |
| | | ▪ Triantáin a thógáil nuair a thugtar a sleasa nó a n-uillinneacha | ▪ Triantáin a thógáil nuair a thugtar fad na trí sleasa, sonraí SAS agus ASA |
| | ▪ Airíonna an chiorcail a aithint | | ▪ Tuiscint a fhorbairt ar an ngaol idir a imlíne, a thrastomhas agus $\pi$. |
| | ▪ Ciorcal a thógáil agus trastomhas nó ga áirithe aige | | |
| | ▪ Cruthanna 2-T agus a n-airíonna a úsáid chun fadhbanna a réiteach | | |
| | ▪ Cruthanna 2-T a rangú de réir a línte siméadrachta | | ▪ *Úsáid líníochtaí le siméadracht lárnach agus aiseach a léiriú* *<br>▪ Aiseanna siméadreachta a aimsiú i gcruthanna simplí |
| | ▪ Cnuasach de chruthanna 2-T a theisiliú | | |
| | **Rang a cúig, Bunscoileanna** | **Rang a sé, Bunscoileanna** | **An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna** |
| **Línte agus Uillinneacha** | ▪ Uillinneacha a aithint agus a rangú, cur síos orthu, agus a ngaol le cruth a thabhairt faoi deara<br>a ngaol leis an timpeallacht a thabhairt faoi deara | | |
| | ▪ Uillinneacha a aithint i dtéarmaí rothlaithe | | |
| | ▪ Uillinneacha a mheas, a thomhas agus a thógáil i gcéimeanna | | ▪ *Aon uillinn atá tugtha a dhéroinnt, gan ach compás agus imeall díreach in úsáid** |
| | ▪ Suim na n-uillinneacha a iniúchadh i dtriantán | i gceathairshleasán | ▪ A chruthú gurb ionann $180^{\circ}$ suim na n-uillinneacha i dtriantán ar bith. |



*Tá na torthaí foghlama i gcló iodálach ar an gCúrsa Coiteanna le haghaidh na Chéad Bliana

<table>
<tr><th></th><th>Rang a cúig, Bunscoileanna</th><th>Rang a sé, Bunscoileanna</th><th>An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna</th></tr>
<tr><td rowspan="6">Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú</td><td colspan="2">▪ Sonraí a bhailiú, a eagrú agus a léiriú ag baint úsáid as</td><td rowspan="2">▪ Modhanna cuí grafacha nó uimhriúla* a roghnú chun cur síos a dhéanamh ar an sampla (níl ach sonraí aonathráideacha i gceist)*<br>▪ Úsáid a bhaint as píchairteacha, barrachairteacha, léaráidí líne, histeagraim (eatraimh chothroma) agus léaráidí gais is duillí chun sonraí a thaispeáint*</td></tr>
<tr><td>picteagraim, barrachairteacha singile agus iolracha agus píchairteacha simplí</td><td>píchairteacha agus treoghraif</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Léigh agus léirmhínigh</td><td rowspan="2">▪ Achoimrí grafacha ar shonraí a léirmhíniú</td></tr>
<tr><td>picteagraim, barrachairteacha singile agus iolracha agus píchairteacha</td><td>treoghraif agus píchairteacha</td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Tacair shimplí de shonraí a chnuasach agus a úsáid</td><td></td></tr>
<tr><td colspan="2">▪ Meáin tacar simplí de shonraí a iniúchadh agus a ríomh</td><td>▪ Úsáid a bhaint as staitisticí achoimre éagsúla chun anailís a dhéanamh ar na sonraí: claonadh lárnach – meán, airmheán, mód inathraitheacht - raon</td></tr>
<tr><td></td><td>▪ Tacair shonraí a úsáid i réiteach fadhbanna</td><td></td><td>▪ Turgnamh a phleanáil*<br>▪ Sampla a roghnú agus an tábhacht a bhaineann leis na samplaí a bheith ionadaíoch i gceart a aithint chun claonadh a sheachaint*<br>▪ Plean a dhearadh agus sonraí a bhailiú ar bhonn an eolais thuas*<br>▪ An plean a chur i bhfeidhm chun na sonraí a bhailiú*</td></tr>
</table>

*Tá na torthaí foghlama i gcló iodálach ar an gCúrsa Coiteanna le haghaidh na Chéad Bliana

| | Rang a cúig, Bunscoileanna | Rang a sé, Bunscoileanna | An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna |
|---|---|---|---|
| Seans | ▪ Na torthaí go léir ab fhéidir a bheith ar phróisis shimplí fhánacha a aithint agus a liostú | | ▪ An prionsabal seo a chur i bhfeidhm: i gcás torthaí a bhfuil an seans céanna ann go dtarlóidh aon cheann acu, is é an dóchúlacht ná líon na dtorthaí ábhartha roinnte ar líon iomlán na dtorthaí |
| | ▪ An chosúlacht go dtarlóidh imeachtaí ar leith a mheas | | ▪ *Cinneadh a dhéanamh an dócha go dtarlóidh gnáth-theagmhas nó nach dócha**<br>▪ *A fhios a bheith acu gur tomhas í dóchúlacht ar scála 0-1 maidir leis an seans go dtarlóidh teagmhas**<br>▪ *Bunphrionsabal an chomhairimh a chur i bhfeidhm** |
| | ▪ Cairteacha agus táblaí minicíochta a thógáil agus a úsáid chun seans a mheas | | |

*Tá na torthaí foghlama i gcló iodálach ar an gCúrsa Coiteanna le haghaidh na Chéad Bliana

| | Rang a cúig, Bunscoileanna | Rang a sé, Bunscoileanna | An tSraith Shóisearach, Iar-bhunscoileanna |
|---|---|---|---|
| Uimhreacha treocha | ▪ Uimhreacha deimhneacha is diúltacha a aithint i gcomhthéacs | ar an uimhirlíne | ▪ *samhlacha ar nós na huimhirlíne a imscrúdú chun na hoibríochtaí seo a leanas – suimiú, dealú, iolrú agus roinnt – a léiriú in **Z****  |
| | | ▪ Uimhreacha deimhneacha agus diúltacha simplí a shuimiú ar an uimhirlíne | |
| Rialacha agus airíonna | ▪ Déan iniúchadh agus plé ar airíonna agus rialacha simplí maidir le lúibíní agus tosaíochtaí oibríochta | ▪ Bí ar eolas faoi airíonna agus rialacha simplí maidir le lúibíní agus tosaíochtaí oibríochta | ▪ *Ord oibríochtaí a thuiscint, lena n-áirítear lúibíní**<br>▪ *Breathnuithe oibríochtaí uimhríochtúla a ghinearálú*<br>– *táblaí a úsáid chun suíomh lena mbaineann patrún athfhillteach a léiriú*<br>– *patrúin agus gaolta a ghinearálú agus a mhíniú i bhfocail agus le huimhreacha*<br>– *sloinn uimhríochtúla a scríobh le haghaidh téarmaí ar leith i seicheamh*<br>– *úsáid a bhaint as graif mar uirlis chun anailís a dhéanamh ar choibhnis** |
| | ▪ Déan coibhneasa a aithint agus cláraigh rialacha i bhfocail agus rialacha siombalacha simplí le haghaidh patrúin uimhreacha | rialacha siombalacha le haghaidh patrúin uimhreacha | |
| Cothromóidí | ▪ Aistrigh uimhirabairtí agus fráma iontu ina bhfocalfhadhbanna agus a mhalairt de dhóigh | focalfhadhbanna agus athróg iontu ina n-uimhirabairtí | ▪ Léirmhínigh cothromóidí den bhfoirm f(x) = g(x) mar chomparáid idir feidhmeanna, leithéid<br>• ax áit go bhfuil a ε Z x ε R<br>• ax+b áit go bhfuil a,b ε Z x ε R<br>• $ax^2$+bx + c áit go bhfuil a,b,c ε Z x ε R<br>• $a2^x$ áit go bhfuil a ε N x ε R<br>• $a3^x$ áit go bhfuil a,ε N x ε R<br>– úsáid modhanna grafacha chun teacht ar ghar-réitigh ar f(x) = g(x) |
| Athróga | ▪ Uimhirabairtí agus cothromóidí aon chéime a réiteach | | |
| | | ▪ Coincheap athróige a iniúchadh i gcomhthéacs patrún, táblaí agus foirmlí simplí agus luachanna a chur in áit athróg | ▪ Úsáid táblaí, léaráidí agus graif mar uirlisí chun patrúin agus gaolta líneacha, cearnacha, agus easpónantúla a léiriú agus ainilís a dhéanamh orthu (gaolta easpónantúla teoranta do mhéadú faoi dhó agus faoi thrí) |



*Tá na torthaí foghlama i gcló iodálach ar an gCúrsa Coiteanna le haghaidh na Chéad Bliana

*Tá na torthaí foghlama i gcló iodálach ar an gCúrsa Coiteanna le haghaidh na Chéad Bliana